DÁMHACHTAIN NA COMHAIRLE EALAÍON CHUN FREAGAIRT DO GHÉARCHÉIM COVID-19

Spriocdháta an Iarratais: 5.30 pm, Déardaoin, 16 Aibreán 2020

Tá ciste speisialta á thabhairt isteach ag an gComhairle Ealaíon chun cur ar chumas ealaíontóirí gairmiúla atá lonnaithe in Éirinn a gcuid ealaíne nua agus bunaidh a chur ar fáil don phobal le linn thréimhse aonraithe Covid-19.

Dámhachtain na Comhairle Ealaíon chun Freagairt do Ghéarchéim Covid-19 a thugtar ar an gciste.

Tá treoir faoin tslí le hiarratas a dhéanamh ar an gciste sa cháipéis seo. Moltar duit an t-ábhar seo a léamh go cúramach sula dtosaíonn tú ar an iarratas.

CLÁR

1. **Cad é cuspóir na dámhachtana?** 2
2. **Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?** 2
3. **Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?** 2
4. **Cá mhéad is féidir iarratas a dhéanamh ina leith?** 3
5. **Cad is féidir iarratas a dhéanamh ina leith?** 3
6. **Cén chaoi a ndéanfar measúnú ar iarratais?** 3
7. **Cé na cáipéisí tacaíochta a chaithfidh mé a chur isteach le m'iarratais?** 4
8. **Conas a dhéanfaidh mé iarratas?** 4
9. **Céard a tharlaíonn i ndiaidh dom iarratas a dhéanamh?** 4
10. **Rialacha na dámhachtana** 6
11. **Cabhair a fháil maidir le d'iarratas** 7

1. Cad é cuspóir na dámhachtana?

Is é cuspóir na dámhachtana ná tacú le saothar ealaíonta nua a chruthú agus a scaipeadh, bíodh sin ar líne, trí bhíthin é a chraoladh nó trí bhíthin modh fíorúil eile, chun leasa an phobail.

2. Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá an dámhachtain oscailte do dhuine ar bith atá in ann cuntas teiste ar chleachtadh gairmiúil mar ealaíontóir a léiriú, fiú amháin mura bhfuil siad cláraithe leis an gComhairle Ealaíon faoi láthair, nó fiú mura ndearna siad iarratas ar mhaoiniú ón gComhairle Ealaíon roimhe seo, nó mura bhfuair siad maoiniú roimhe seo.

- **Ní mór** d'iarratasóirí nua clárú do ARN na Comhairle Ealaíon sula ndéanann siad iarratas:*
  https://onlineservices.artscouncil.ie/register.aspx?&lang=gd-ge
  **Tabhair faoi deara go bhféadfadh sé suas le cúig lá oibre a thógáil sular féidir clárú a phróiseáil.*
- **Ní mór** d'iarratasóirí cloí leis an gcomhairle agus leis an treoir go léir faoin tsláinte phoiblí agus maidir le paindéim Covid-19 atá leagtha síos ag FSS agus ag an rialtas.
- Ní foláir nó go bhfuil iarratasóirí ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann.
- Cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte roimh iarratais ó gach cuid de shochaí na hÉireann, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do na deich dtréith a thugtar inár mbeartas foilsithe, an Beartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht.

3. Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?

Níl an dámhachtain oscailte do:

- Mic léinn lánaimseartha nó pháirtaimseartha fochéime nó iarchéime
- Fostaithe lánaimseartha nó páirtaimseartha in eagraíochtaí a mhaoiníonn an Chomhairle Ealaíon
- Comhaltaí d'Aosdána
- Daoine a bhfuil siad seo a leanas á bhfáil acu faoi láthair:
  - Maoiniú Deontais do na hEalaíona, 2020
  - Sparánacht, Babhta 2, 2019
  - Dámhachtain Markievicz, 2019
  - Dámhachtain d'Ealaíontóirí na Chéad Ghlúine Eile, 2019
  - Dámhachtain Tionscadail 2020
  - Dámhachtain Liam O'Flynn 2020
- Daoine a bhfuil iarratas orthu seo a leanas á mbreithniú faoi láthair:
  - Sparánacht, Babhta 1, 2020
  - Dámhachtain Markievicz, 2020

- Ní fhéadfaidh iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar an dámhachtain seo agus ar an Dámhachtain Taifeadta agus Foilsithe Deis, 2020.

4. Cá mhéad is féidir iarratas a dhéanamh ina leith?

Is í an dámhachtain ar fáil ná **€3,000**. Ní mór d'iarratasóirí an méid iomlán a iarraidh, agus sa chás go n-éiríonn leo, gheobhaidh siad é.

5. Cad is féidir iarratas a dhéanamh ina leith?

Féadfaidh iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar an am chun a saothar ealaíonta a fhorbairt agus a scaipeadh. Níl srian ar bith ar an gcineál ná ar an bhfoirm ealaíne is féidir a chruthú. Tá an maoiniú beartaithe íoc as am an ealaíontóra, go príomha. Ní cheadófar iarratais ar mhaoiniú breise le haghaidh trealaimh agus/nó ábhar.[1]

D'fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh ar shamplaí de na cineálacha saothair is féidir iarratas a dhéanamh ina leith, agus nithe eile nach iad:

- Scríbhneoireacht nua
- Ceol nua
- Reacaireachtaí
- Taibhithe ceoil
- Taibhithe monalóga nó drámaí gearra
- Amharc-ealaín/péintéireacht/grianghrafaóireacht/dealbhóireacht
- Ealaín fuaime
- Scannáin ealaíne/cláir faisnéise ealaíon a chur i láthair
- Comhoibriú ar líne

6. Cén chaoi a ndéanfar measúnú ar iarratais?

Déanfar measúnú ar thograí agus tabharfar scór dóibh bunaithe ar:

- Cáilíocht ealaíne an togra
- Acmhainn an smaoinimh dul i bhfeidhm ar an bpobal
- Cuntas teiste an ealaíontóra

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar chuid 9 thíos, **Céard a tharlaíonn i ndiaidh dom iarratas a dhéanamh?**

[1] Tá ardán digiteach á fhorbairt ag an gComhairle Ealaíon faoi láthair chun an saothar a chruthófar faoin gciste seo a scaipeadh. Cuirfear próiseas ar bun chun cabhrú leis na hiarratasóirí a n-éireoidh leo maidir leis sin. De bharr an mhéid sin, ní gá go mbeadh saineolas ná eolas ar bith ag an ealaíontóir ar ábhar a ghiniúint le scaipeadh ar líne.

7. Cé na cáipéisí tacaíochta a chaithfidh mé a chur isteach le m'iarratais?

Ní mór CV nó beathaisnéis nach faide ná **leathanach amháin** ina dtugtar liosta de na héachtaí ealaíonta is déanaí atá déanta agat, a chur ar aghaidh le d'iarratas.

Tabhair faoi deara nach nglacfar le haon ábhar tacaíochta eile, agus nach mbreithneofar é.

8. Conas a dhéanfaidh mé iarratas?

a) Logáil isteach ar shuíomh gréasáin Seirbhísí Ar Líne na Comhairle Ealaíon (OLS)[2]
b) Roghnaigh an fhoirm ealaíne agus an clár maoinithe a bhfuil iarratas á dhéanamh agat ina leith –
e.g. 'Litríocht – Dámhachtain chun Freagairt do Covid-19 – 2020'
c) Déan an fhoirm iarratais a íoslódáil
d) Lean na treoracha ar an bhfoirm iarratais maidir le conas í a chomhlánú.
e) Déan an fhoirm iarratais a uaslódáil
f) Cuir CV nó beathaisnéis **leathanaigh amháin** léi
g) Cuir d'iarratas isteach roimh an spriocdháta.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar chuid 11 thíos, **Cabhair a fháil maidir le d'iarratas**

9. Céard a tharlaíonn i ndiaidh dom iarratas a dhéanamh?

I ndiaidh d'iarratas a chur isteach, ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost:

- Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn, agus admhófar d'iarratas leis.
- Ba cheart go dtiocfadh an dara ceann cúpla nóiméad ina dhiaidh sin. Beidh d'uimhir iarratais ann, a mbainfimid úsáid aisti sa chomhfhreagras ar fad faoi d'iarratas.

Tabhair faoi deara: ní chiallaíonn na ríomhphoist seo ach go n-aithníonn an córas ar líne gur chuir tú iarratas isteach. **Ní chiallaíonn siad** go bhfuil d'iarratas incháilithe le haghaidh maoiniú.

Nuair a fhaightear é, seolfar d'iarratas chuig d'fhoireann ealaíon ábhartha chun é a mheas. Déanfar iarratais a mheas i gcoinne na gcritéar a leagtar amach ag cuid 6 thuas.

[2] Sa chás nach bhfuil tú cláraithe le suíomh gréasáin OLS na Comhairle Ealaíon faoi láthair, roghnaigh 'Úsáideoir nua? Cláraigh'. *Tabhair faoi deara go bhféadfadh sé suas le **cúig** lá oibre a thógáil sula n-eiseofar Uimhir Thagartha Ealaíon (ARN).

Déanfar iarratais a scóráil ansin de réir gach ceann de na critéir thuas mar seo a leanas:

Scór uimhriúil	Luach focal	Míniú
6.0	'Eisceachtúil'	Pléitear gach gné ábhartha den chritéar go cuimsitheach agus go sármhaith san iarratas. Níl easnaimh ar bith in aon chor ann. Coimeádtar an scór seo le haghaidh na ngnéithe is fearr ar fad de na hiarratais agus úsáidfear é go fíorspárálach.
5.5		Idir sármhaith agus eisceachtúil.
5.0	'Sármhaith'	Pléitear gach gné ábhartha den chritéar go sochreidte agus go rathúil san iarratas. Soláthraítear an fhaisnéis agus an fhianaise ar fad a theastaíonn agus níl buarthaí ná réimse laige ar bith ann.
4.5		Idir go han-mhaith agus sármhaith.
4.0	"Go hAn-Mhaith"	Pléitear an critéar go han-mhaith san iarratas. Tugtar faisnéis shoiléir faoin bhfianaise a theastaíonn ann. Tá buarthaí agus réimsí laige ar bith fánach.
3.5		Idir go maith agus go han-mhaith.
3.0	'Go maith'	Pléitear an critéar go maith san iarratas, cé go bhféadfaí roinnt feabhsuithe a dhéanamh. Tugtar faisnéis ann ar gach gné den fhianaise a theastaíonn beagnach, cé go bhfuil roinnt bearnaí ann.
2.5		Idir maith go leor agus go maith.
2.0	'Maith go leor'	Cé go ndéantar plé maith go leor ar an gcritéar san iarratas, tá laigí le sonrú ann. Tugtar faisnéis ábhartha ann, ach tá réimsí ann ina bhfuil sonraí in easnamh nó ina bhfuil an fhaisnéis doiléir, rud a fhágann nach bhfuil an togra sách láidir i gcomhthéacs iomaíoch.
1.5		Dona go leor nach fiú tacaíocht a thabhairt dó.
1.0	'Go dona'	Tá beagán fianaise nó faisnéis ábhartha san iarratas i gcomhthéacs an chritéir agus níl sé fíorláidir ná áititheach i gcomhthéacs maoiniú iomaíoch.
0	'Easnamhach'	Ní phléitear an critéar san iarratas nó ní féidir breithiúnas a thabhairt air mar gheall ar fhaisnéis ar iarraidh nó atá neamhiomlán.

Déanfar scóir in aghaidh na gcritéar a ualú mar seo a leanas chun scór peircintíl iomlán a fháil:

	SCÓR UASTA	UALÚ	SCÓR UALAITHE
Cáilíocht ealaíne an togra	6.0	**6.67**	40.0%
Acmhainn an smaoinimh dul i bhfeidhm ar an bpobal	6.0	**5.83**	35.0%
Cuntas teiste an ealaíontóra	6.0	**4.17**	25.0%
IOMLÁN			**100.0%**

Tabhair faoi deara: táimid ag súil le líon ard iarratas. Ciallaíonn sin, ar an drochuair, nach gá go maoineofar iarratais a chomhlíonann na critéir don dámhachtain, mar gheall ar theorainneacha buiséid.

Déanfaimid gach iarracht cinntí a fhógairt chomh luath agus is féidir i ndiaidh an spriocdháta. Ach beidh sin ag brath ar an líon iarratas a gheofar.

10. Rialacha na dámhachtana

a) Ní cheadaítear ach iarratas amháin in aghaidh an duine.

b) Ní féidir ach smaoineamh amháin in aghaidh an iarratais a mholadh; ní dhéanfar tograí lena mbaineann níos mó ná smaoineamh amháin a mheas.

c) Ní dhéanfar tograí maidir le smaointe a fhorbairt a mheas sa chás nach bhfuil plean chun an saothar a scaipeadh ag gabháil leo.

d) Measfar nach mbeidh d'iarratas **incháilithe** agus ní dhéanfar é a mheas, sna cásanna seo a leanas:

- Ní bhaineann tú an spriocdháta amach nó tá d'iarratas neamhiomlán
- Ní chuirtear foirm iarratais isteach trí shuíomh gréasáin OLS
- Ní chuireann tú CV nó beathaisnéis leathanaigh amháin isteach mar ábhar tacaíochta
- Ní féidir leat iarratas a dhéanamh de réir chuid 3 thuas, **Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?**

e) Ní bhreithneofar cáipéisí tacaíochta seachas CV nó beathaisnéis leathanaigh amháin mar chuid den phróiseas measúnaithe

f) Ní mór go mbeadh iarratasóirí a n-éireoidh leo in ann mionsonraí a sholáthar faoi chuntas bainc ina n-ainm féin; ní ghlacfar le héagsúlachtaí i litriú ainmneacha ná le haistriúchán ar ainmneacha; ní mór don ainm ar an gcuntas bainc a bheith díreach mar a chéile leis an ainm ar an bhfoirm iarratais

g) De bharr chineál na dámhachtana seo agus an líon iarratas a bhfuiltear ag súil leo, ní bheidh gnáthphróiseas achomhairc na Comhairle Ealaíon i bhfeidhm don dámhachtain seo.

11. Cabhair a fháil maidir le d'iarratas

Riachtanais maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid

Tabhair faoi deara **nach n-oibreoidh** suíomh gréasáin Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon le fóin chliste, le iPad ná le gléasanna táibléid eile.

Ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na Seirbhísí ar Líne duit:

Ríomhaire	Windows 7 nó níos déanaí le Internet Explorer 8.0 nó níos déanaí NÓ Firefox 27 nó níos déanaí NÓ Chrome 33 nó níos déanaí
Mac	Mac OS X v10.5 Leopard nó níos déanaí le Safari 3.1 nó Safari 10 NÓ Firefox 27 nó níos déanaí NÓ Chrome 32 nó níos déanaí **Tabhair faoi deara:** Má choisceann Safari 11 uaslódáil cáipéisí, úsáid Firefox nó Chrome.

Tabhair do d'aire: Ní mór go mbeadh Microsoft Word nó OpenOffice Writer ar an ríomhaire freisin chun an fhoirm iarratais a chomhlánú. Bogearraí saor in aisce é OpenOffice Writer is féidir a íoslódáil ó http://openoffice.org.

Ní mór duit leagan OpenOffice Writer 4.0.1 nó níos túisce a úsáid.

Nuair a úsáideadh leaganacha níos déanaí de OpenOffice Writer ná 4.0.1 bhí fadhbanna leis an gcuma a bhí ar na foirmeacha iarratais nuair a cuireadh isteach trí na Seirbhísí ar Líne iad.

Féach ar fhíseán na Comhairle Ealaíon *Ag úsáid OpenOffice chun an fhoirm iarratais a íoslódáil, a líonadh isteach agus a uaslódáil* ag https://www.youtube.com/user/ArtsCouncilDemos.

Ba cheart d'úsáideoirí Apple Mac aird a thabhairt ar an gcuid a phléann leis an leagan 4.0.1 a íoslódáil ar Apple Mac a bhfuil na leaganacha is déanaí de Mac OS suiteáilte orthu.

Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta.

Fág do dhóthain ama agat féin chun an t-iarratas a chomhlánú

Ba cheart duit eolas a chur ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne tamall maith roimh an spriocdháta agus roimh duit iarratas a ullmhú. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh tráthnóna an spriocdháta. Ba cheart duit d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

D'fhéadfadh an t-am uaslódála a bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapfá d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.

Tacaíocht theicniúil

Má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus iarratas ar líne á dhéanamh agat, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ach ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie nó trí ghlaoch a chur ar **01 618 0200**. Molaimid duit aon deacrachtaí teicniúla a thuairisciú dúinn tamall maith roimh an spriocdháta. Tabhair uimhir ghutháin agus déan cinnte go bhfuil tú ar fáil chun glaoch uainn a fhreagairt.

Déileálaimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce.

Cuimhnigh go ndéantar anrud glaonna ag druidim leis an spriocdháta agus go mb'fhéidir nach réiteofar glaonna i dtaobh tacaíocht theicniúil a gheofar tar éis **2.30pm ar an dáta deiridh** roimh an spriocdháta.